Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Aonad na Seirbhísí Custaiméirí,
Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8

Customer Services Centre,
Civic Offices, Wood Quay, Dublin 8
T. 01 222 2259 F. 01 222 5807 E. customerservices@dublincity.ie

IARRATAS AR CHEADANNA PÁIRCEÁLA CUAIRTEORA

Seolfar do cheadanna cuairteora chuig do sheoladh mar a bheidh tugtha ar an bhfoirm iarratais seo.

NÍ MÓR DUIT GACH COINNÍOLL LASTALL A LÉAMH AGUS GACH CEIST THÍOS A FHREAGAIRT SULA SÍNÍONN AGUS A gCUIREANN TÚ AN tIARRATAS SEO ISTEACH

1. Sloinne: _____

2. Céadainm/neacha: _____

3. Teileafón (Baile): _____ (Obair): _____

4. Seoladh: Uimh. Árasáin:_____, Uimh. Tí: _____, _____

_____

5. An é seo do ghnáthionad cónaithe?
(Cónaí ann breis agus 183 lá sa bhliain) IS É __ NÍ hÉ __

6. An sealúchas ar cíos é? IS É __ NÍ hÉ __

7. Má tá cónaí ort in árasán, an líon iomlán aonad tithíochta i d'fhoirgneamh:_____

8. Cá fhad a raibh cónaí ort ag an seoladh thuas? _____ Bliain _____ Mí

9. An bhfuil cead páirceála cónaitheora i do sheilbh agat? (√)TÁ ____ NÍL _____

10. An é seo do chéad iarratas le haghaidh ceadanna pháirceála cuairteora?IS É ___ NÍ hÉ ___

11. Díoltar ceadanna cuairteora in iolraí de 4 cinn. An t-uasordú ná 80 do chónaitheoir incháilithe in aon tréimhse 12 mhí ar €100.00. An t-íosordú ná 4 ar €5.00. Ná cuir airgead tirim tríd an bpost. Bíodh seiceanna/orduithe poist iníoctha le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Má íocann tú le Visa, Laser nó Mastercard, ionsáigh sonraí anseo :

12. An líon ceadanna atáthar á lorg_____ Méid Dlite €_____

Le haghaidh úsáid oifige amháin:

Uimh. Ceada:

Méid Dlite: **Dáta Eisithe**

€	

U/B _____ F/S _____ L/A _____

I/C _____ D/L _____ Doc L _____

Ceannlitreacha _____

Deimhním go bhfuil coinníollacha 1 go 13 lastall léite agam agus go bhfuil na sonraí thuas fíor.

Síniú an Iarratasóra: _____ **Dáta:** _____

SEICLIOSTA TÁBHACHTACH

INIAIGH AN FHIANAISE CÓNAITHE REATHA AGUS AN TÁILLE: TAGRAÍONN NA COINNÍOLLACHA LASTALL DÓIBH.

CUIRFEAR AR AIS IARRATAIS NEAMHSHÍNITHE/NEAMHIOMLÁNA.

Ná cuir airgead tirim tríd an bpost. Ba chóir Seiceanna/orduithe Poist a bheith iníoctha le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Má íocann tú le Visa, Laser nó Mastercard, ionsáigh na sonraí anseo.

UIMHIR CÁRTA CREIDMHEASA / LASER **DÁTÁ ÉAGA** **UIMHIR CVV**

FODHLÍTHE CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH UM RIALÚ PÁIRCEÁLA

COINNÍOLLACHA

1. **Is féidir ceadanna cuairteora a eisiúint do chónaitheoir atá i dteideal cead cónaitheora a fháil, cibé acu atá nó nach bhfuil cead cónaitheora aige/aici.**

2. **Ní mór duit 2 fhianaise cónaithe reatha mhalartacha (i.e. dátaithe laistigh den 3 mhí deiridh) a sholáthar a bhfuil d'ainm agus do sheoladh uirthi, e.g. Bille ón mBord Gáis, ó Eircom (teileafón), BSL nó UPC; ráiteas Bainc, cárta creidmheasa nó comhair creidmheasa; bille ó Phonewatch nó Ceadúnas Teilifíse. Ní ghlacann an Chomhairle Cathrach le billí neamhtheaghlaigh nó le billí d'fhón póca.**

3. **I scéim páirceála ceada is é 80 an líon iomlán cead páirceála cuairteora is féidir a eisiúint do chónaitheoir incháilithe in aon tréimhse 12 mhí, faoi réir uasteorann de 160 cead páirceála cuairteora in aghaidh aon tí amháin in aon tréimhse 12 mhí nó 80 in aghaidh an fhoirgnimh incháilithe atá roinnte in aonaid tithíochta.**

4. **Ciallaíonn cónaitheoir incháilithe, duine d'aois 17 nó níos mó a shásaíonn an Chomhairle go bhfuil a g(h)náthchónaí i bhfoirgneamh suite ar bhóthar poiblí i gcrios ceada páirceála cónaitheora agus atá i dteideal cead páirceála cónaitheora a fháil faoi théarmaí na bhFodhlíthe seo (féach coinníollacha 5, 6, 7, 8 agus 9 anseo thíos).**

5. **Má úsáidtear an foirgneamh mar aonad tithíochta amháin, tá uasteidlíocht de 4 chead cónaitheora ann d'fhoirgneamh i gcrios íoséilimh agus 3 chead cónaitheora do gach foirgneamh i gcrios uaséilimh. Má thugtar isteach crios ceada páirceála cónaitheora nua tar éis an 1chd Meán Fómhair 2011, is 2 chead cónaitheora in aghaidh an fhoirgnimh an uasteidlíocht i gcrios uaséilimh.**

6. **Má tá an foirgneamh roinnte i 2, 3 nó 4 aonad tithíochta, cibé acu i gcrios íoséilimh nó uaséilimh, tá uasteidlíocht de 1 chead cónaitheora amháin ann in aghaidh an aonaid.**

7. **Má tá breis agus 4 aonad tithíochta san fhoirgneamh agus é suite i gcrios íoséilimh, tá uasteidlíocht de 1 chead cónaitheora amháin ann in aghaidh an aonaid (tithe athchóirithe agus bloic árasáin san aireamh).**

8. **Níl cónaitheoirí i mbloic árasán ina bhfuil níos mó ná 4 haonad chónaithe agus atá suite i gcrios uaséilimh incháilithe ceadanna cónaitheoirí a fháil.**

9. **Nuair atá níos mó ná 4 haonad tithíochta i dteach athchóirithe agus é suite i gcrios uaséilimh, is é 4 chead cónaitheoirí an teidlíocht fhoriomlán don fhoirgneamh sin, nó is é an cuóta ceadanna an teidlíocht fhoriomlán don fhoirgneamh sin (más infheidhme) más mó é, faoi réir 1 chead cónaitheora in aghaidh gach aonaid tithíochta.**

10. **Is féidir feithicil a bhfuil Cead Cuairteora ar taispeáint inti a pháirceáil ar feadh uastréimhse leanúnach de 24 uaire ón uair a thosaigh an pháirceáil. Ní féidir ach le duine atá ar cuairt, a ghlaonn ar an gcónaitheoir nó a fhanann leis/léi nó atá fostaithe ag an gcónaitheoir chun obair a dhéanamh ar an áitreabh, an cead seo a úsáid.**

11. **I gcás aon tí nua-athchóirithe, a athchóiríodh tar éis an 1chd Meán Fómhair 2011 nó i gcás go dtugtar fógra don Chomhairle i dtaobh an athchóirithe den chéad uair tar éis an 1chd Meán Fómhair 2011, coinneoidh an teach an cuóta a bhí aige roimhe sin don fhoirgneamh.**

12. **Níl cead páirceála cuairteora bailí ach amháin sa tsráid/sna sráideanna a luaitear ar an gcead sin.**

13. **Níl gnólachtaí, fostaithe agus tiarnaí talún neamhchónaithe incháilithe le haghaidh ceadanna páirceála cuairteora.**